# TREOIRLÍNE (AE) 2022/988 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

## an 2 Bealtaine 2022

## lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2016/65 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) *(BCE/2022/18)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1, an chéad fhleasc, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3, 18.2 agus Airteagal 20, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 18.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE), mar aon le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (na "BCNanna" anseo feasta) oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hinstitiúidí creidmheasa agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus na hiasachtaí á mbunú ar bhonn comhthaobhachta leordhóthanaí. Leagtar síos i dTreoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ([1]) na coinníollacha ginearálta faoina mbeidh BCE agus na BCNanna ullamh chun dul i mbun oibríochtaí creidmheasa, lena n-áirítear na critéir lena gcinntear incháilitheacht na comhthaobhachta chun críocha oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais.

(2) Tá gach sócmhainn incháilithe le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais faoi réir bearta rialaithe riosca sonracha chun an Eurochórais a chosaint ar chaillteanais airgeadais i gcúinsí ina gcaithfear an chomhthaobhacht a réadú mar gheall ar mhainneachtain contrapháirtí. Déantar athbhreithniú rialta ar chreat rialaithe riosca an Eurochórais chun cosaint leordhóthanach a áirithiú.

(3) Rinne an Chomhairle Rialaithe athbhreithniú cuimsitheach ar na bearta maolaithe comhthaobhachta sealadacha a glacadh ó 2020 i leith mar fhreagra ar na cúinsí eisceachtúla eacnamaíocha agus airgeadais a bhain le leathadh ghalar coróinvíris (COVID-19), lena n-áirítear laghdú sealadach ar chaolchorrlaigh luachála. Chuir an t-athbhreithniú seo san áireamh (a) gur cheart go mbeadh contrapháirtithe an Eurochórais atá rannpháirteach in oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha arna seoladh faoi Chinneadh (AE) 2019/1311 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/21) ([2]) in ann leanúint de chomhthaobhacht leordhóthanach a shlógadh do na hoibríochtaí sin, (b) an tionchar comhthaobhach do chontrapháirtithe an Eurochórais a bhaineann le gach ceann de na bearta sin; (c) breithnithe riosca a bhaineann le gach ceann de na bearta sin; (d) breithnithe margaidh agus beartais eile. Sa chomhthéacs sin, chinn an Chomhairle Rialaithe ar an 23 Márta 2022, *inter alia*, deireadh a chur de réir a chéile leis an laghdú thuasluaite ar na caolchorrlaigh luachála in dhá chéim, an chéad cheann ón 8 Iúil 2022, d'fhonn cosaint riosca agus éifeachtúlacht riosca an Eurochórais a mhéadú. Ní mór é sin a shoiléiriú sna forlálacha ábhartha.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2015/35) ([3]) a leasú dá réir sin,

([1]) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le cur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (Treoirlíne Doiciméadachta Ginearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/1311 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Iúil 2019 maidir le tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (BCE/2019/21) (IO L 204, 2.8.2019, lch. 100).

([3]) Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Samhain 2015 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) (IO L 14, 21.1.2016, lch. 30).

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe**

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2016/65 (BCE/2015/35) mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

“(a) beidh urrúis de bhun sócmhainní, bannaí faoi chumhdach agus ionstraimí fiachais neamhurraithe arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa a ndéantar luacháil theoiriciúil orthu de réir na rialacha atá in Airteagal 134 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) faoi réir caolchorrlaigh luachála bhreise i bhfoirm marcála síos luachála de 4,5 %;

(b) beidh bannaí faoi chumhdach chun críche úsáide dílse faoi réir caolchorrlaigh luachála bhreise de (i) 7,2 % curtha i bhfeidhm ar luach na n-ionstraimí fiachais arna aicmítear ar chéimeanna cáilíochta creidmheasa 1 agus 2, agus (ii) 10,8 % curtha i bhfeidhm ar luach na n-ionstraimí fiachais arna aicmítear ar chéimeanna cáilíochta creidmheasa 3;”;

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Beidh ionstraimí fiachais miondíola neamh-indíolta le taca morgáistí faoi réir caolchorrlaigh luachála de 28,4 %.”;

(3) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme**

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a dtabharfar fógra faoi do BCNanna.

2. Glacfaidh BCNanna na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus chun iad a chur i bhfeidhm ón 8 IúiI 2022. Cuirfidh siad na téacsanna agus na meáin a bhaineann leis na bearta sin in iúl don Bhanc Ceannais Eorpach faoin 20 Bealtaine 2022 ar a dhéanaí.

*Airteagal 3*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoirlíne seo ar na BCNanna.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 2 Bealtaine 2022.

*Do Chomhairle Rialaithe an BCE*

*Uachtarán an BCE*

Christine LAGARDE

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn mar seo a leanas: Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla í 2, 2a agus 3:

*"Tábla 2*

**Leibhéil chaolchorrlaigh luachála (i%) curtha i bhfeidhm ar shócmhainní indíolta incháilithe i gcatagóirí caolchorrlaigh I go IV**

| | | Catagóirí chaolchorrlaigh | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cáilíocht chreidmheasa | Aibíocht iarmharach (blianta) (*) | Catagóir I | | | Catagóir II | | | Catagóir III | | | Catagóir IV | | |
| | | cúpón seasta | cúpón nialasach | cúpón comhlúthach | cúpón seasta | cúpón nialasach | cúpón comhlúthach | cúpón seasta | cúpón nialasach | cúpón comhlúthach | cúpón seasta | cúpón nialasach | cúpón comhlúthach |
| Céimeanna 1 agus 2 | [0,1) | 0,5 | 0,5 | 0,5 | 0,9 | 0,9 | 0,9 | 0,9 | 0,9 | 0,9 | 6,8 | 6,8 | 6,8 |
| | [1,3) | 0,9 | 1,8 | 0,5 | 1,4 | 2,3 | 0,9 | 1,8 | 2,7 | 0,9 | 9,0 | 9,5 | 6,8 |
| | [3,5) | 1,4 | 2,3 | 0,5 | 2,3 | 3,2 | 0,9 | 2,7 | 4,1 | 0,9 | 11,7 | 12,2 | 6,8 |
| | [5,7) | 1,8 | 2,7 | 0,9 | 3,2 | 4,1 | 1,4 | 4,1 | 5,4 | 1,8 | 13,1 | 14,0 | 9,0 |
| | [7,10) | 2,7 | 3,6 | 1,4 | 4,1 | 5,9 | 2,3 | 5,4 | 7,2 | 2,7 | 14,9 | 16,2 | 11,7 |
| | [10,∞) | 4,5 | 6,3 | 1,8 | 7,2 | 9,5 | 3,2 | 8,1 | 11,7 | 4,1 | 18,0 | 23,0 | 13,1 |
| Céim 3 | [0,1) | 5,4 | 5,4 | 5,4 | 6,3 | 6,3 | 6,3 | 7,2 | 7,2 | 7,2 | 11,7 | 11,7 | 11,7 |
| | [1,3) | 6,3 | 7,2 | 5,4 | 8,6 | 12,2 | 6,3 | 10,8 | 13,5 | 7,2 | 20,3 | 22,5 | 11,7 |
| | [3,5) | 8,1 | 9,0 | 5,4 | 12,2 | 16,7 | 6,3 | 14,9 | 19,8 | 7,2 | 25,2 | 29,3 | 11,7 |
| | [5,7) | 9,0 | 10,4 | 6,3 | 12,6 | 18,0 | 8,6 | 16,7 | 23,4 | 10,8 | 27,5 | 31,5 | 20,3 |
| | [7,10) | 10,4 | 11,7 | 8,1 | 14,4 | 22,1 | 12,2 | 17,1 | 25,2 | 14,9 | 27,9 | 33,3 | 25,2 |
| | [10,∞) | 11,7 | 14,4 | 9,0 | 17,1 | 26,6 | 12,6 | 17,6 | 27,0 | 16,7 | 28,4 | 34,2 | 27,5 |

(*) i.e. [0,1) aibíocht iarmharach níos lú ná bliain amháin, [1,3) aibíocht iarmharach cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná 3 bliana, etc.

*Tábla 2a*

**Leibhéil chaolchorrlaigh luachála (i %) curtha i bhfeidhm ar shócmhainní indíolta incháilithe i gcatagóir chaolchorrlaigh V**

| | | Catagóir V |
|---|---|---|
| Cáilíocht chreidmheasa | Meanré ualaithe (*) | Caolchorrlach luachála |
| Céimeanna 1 agus 2 | [0,1) | 3,6 |
| | [1,3) | 4,1 |
| | [3,5) | 4,5 |
| | [5,7) | 8,1 |
| | [7,10) | 11,7 |
| | [10,∞) | 18 |

(*) i.e. [0,1) WAL níos lú ná bliain amháin, [1,3) WAL cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná 3 bliana, etc.

*Tábla 3*

**Leibhéil chaolchorrlaigh luachála (i %) curtha i bhfeidhm ar éilimh chreidmheasa incháilithe**

| Cáilíocht chreidmheasa | **Aibíocht iarmharach (blianta)** (*) | Íocaíocht úis sheasta | Íocaíocht úis chomhlúthaigh |
|---|---|---|---|
| Céimeanna 1 agus 2 | [0,1) | 7,2 | 7,2 |
| | [1,3) | 10,8 | 7,2 |
| | [3,5) | 14,4 | 7,2 |
| | [5,7) | 16,7 | 10,8 |
| | [7,10) | 21,6 | 14,4 |
| | [10,∞) | 31,5 | 16,7 |
| Céim 3 | [0,1) | 13,5 | 13,5 |
| | [1,3) | 25,2 | 13,5 |
| | [3,5) | 32,9 | 13,5 |
| | [5,7) | 38,7 | 25,2 |
| | [7,10) | 40,5 | 32,9 |
| | [10,∞) | 43,2 | 38,7 |

(*) i.e. [0,1) aibíocht iarmharach níos lú ná bliain amháin, [1,3) aibíocht iarmharach cothrom le nó níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná 3 bliana, etc.”